# Coláiste Cois Life

Gleann an Ghrífín
Leamhcán
Contae Átha Cliath
K78Y330

Fón: 01-6211825
Facs: 01-6211828
www.colaistecoislife.ie
eolas@colaistecoislife.ie

# POLASAÍ IONTRÁLA MAIDIR LEIS AN SCOILBHLIAIN 2026/2027

# IAR-BHUNSCOIL COLÁISTE COIS LIFE

Bunófar iarratas ar chead iontrála ar chur i bhfeidhm an Pholasaí seo, ar an eolas atá leagtha amach i bhFógra Iontrála bliantúil na scoile agus ar an eolas a chuireann an t-iarratasóir ar fáil ina iarratas iontrála, nuair a bheidh sé faighte roimh an dáta deiridh a n-glacfar le hiarratais mar atá leagtha amach sa bhFógra Iontrála. Is é Príomhoide Coláiste Cois Life atá freagrach as an bPolasaí Iontrála seo a chur i bhfeidhm.

# MAIDIR LE COLÁISTE COIS LIFE

Bunaíodh Coláiste Cois Life sa bhliain 1997 chun freastal ar an éileamh atá ar oideachas iarbhunscoile as Gaeilge sa cheantar mórthimpeall ar Leamhcán. Is Coláiste Pobail ainmnithe faoi phátrúntacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire é Coláiste Cois Life.

Ag an tús bhí an scoil lonnaithe ar thalamh Choláiste Chilliain i gCluain Dolcáin. Sa bhliain 1999 bhog an scoil chuig foirgneamh sealadach i Leamhcán agus cuireadh seomraí breise leis an scoil gach bliain go dtí 2005. Bhog an scoil isteach san fhoirgneamh buan i Meán Fómhair 2006. Ba í Áine Ní Ghallchobhair céad phríomhoide an choláiste ón mbliain 1997-2009.

Bhí 21 scoláire sa chéad rang a thosaigh linn agus rinne siad Ardteist Mí an Mheithimh 2003. Faoi láthair tá 595 scoláire ag freastal ar an gColáiste.

Soláthraíonn an Coláiste réimse leathain do ghníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim. I measc na ngníomhaíochtaí seo tá Peil Ghaelach; Iománaíocht; Camógaíocht; Sacar; Lúthchleasaíocht; Cispheil; Ógras; Rugbaí; Coiste na Scoile Glasa; Club Leabhair; Cinnirí Gaeilge; Ceol agus Cór. Tá súil againn go leanfaidh an fás agus an fhorbairt seo ar mhaithe le pobail uile na scoile agus lenár dteanga agus ár gcultúr.

# CLÁR NA nÁBHAR


## CUID A – *Eolas Ginearálta do gach Iarratasóir*

1. Gluais Téarmaí

2. Ráiteas Iontrála

3. Creat Dlí

4. Coinníollacha Ginearálta Iontrála

## CUID B - *Eolas do Chatagóirí ar leith d'Iarratasóirí*

5. Iarratas a dhéanamh ar Ghrúpa na Chéad Bhliana

6. Iarratas a dhéanamh ar na Bliainghrúpaí Eile go Léir Seachas an Chéad Bhliain

7. Iarratas a dhéanamh ar Rang Speisialta

# CUID A

## *Eolas Ginearálta do Gach Iarratasóir*

1. ***Gluais Téarmaí***
2. ***Ráiteas Iontrála***
3. ***Creat Dlí***
4. ***Coinníollacha Ginearálta Iontrála (do gach Iarratasóir)***

# 1 GLUAIS TÉARMAÍ

Is éard is brí le h'**Iarratasóir**' ná tuismitheoir/caomhnóir Dalta, nó, i gcás Dalta a bhfuil 18 bliana sroichte aige/aici, an Dalta féin, a bhfuil iarratas iontrála déanta aige ar Choláiste Cois Life.

Is éard is brí le '**Dalta**' an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann. Tugtar le fios gur dalta 'ionchasach' atá i gceist leis an bhfocal sin agus an focal sin in úsáid síos tríd an Polasaí seo mar chuid den léirmhíniú. Is é sin, ní chiallaíonn úsáid an fhocail 'Dalta' go ndéanann iarratas nó glacadh le tairiscint dhalta de Choláiste Cois Life ní bhreathnaítear ar dhuine mar dhalta de Choláiste Cois Life ach amháin nuair a bheidh sé/sí cláraithe ar ac(h)uid lá freastail. Ní chuimsítear duine a bhí ar rolla na scoile roimhe seo agus a bhí eisiata go buan ón scoil nó a d'fhág an scoil tar éis don Bhord Bainistíochta é/í a mholadh lena dhíbirt.

Ciallaíonn '**cláraithe**' freastal ar an scoil mar mhac léinn cláraithe, de réir alt 20(2) den Acht Oideachais (Leas) 2000.

'**Inscne**', i gcomhréir leis an sainmhíniú maidir leis *"an bhforas inscne"* san Acht um Stádas Comhionann 2000 *"gur fear é duine acu agus gur bean í an duine eile"*, Ní dhéanann seo dochar d'aon Dalta atá idirghnéasach nó a aithníonn iad féin a bheith Andraigíneach/Andraigin, Dé-inscneach, Leathinscneach, Solúbtha ó thaobh Inscne de, Aiteach ó thaobh Inscne de, Ilinscneach, Neutrois, Neamh-Dhénártha, Trasinscne, Trasghnéasach nó eile.

Tagraíonn '**Ceantar na Scoile**' don cheantar cónaithe ainmnithe(arna chinneadh ag bord bainistíochta Coláiste Cois Life) maidir leis an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann ar gach rang seachas an Rang Speisialta i gColáiste Cois Life.. Déantar ceantar na scoile maidir le Coláiste Cois Life a shainmhíniú mar: Leamhcán, BÁC.

Tagraíonn '**Ceantar na Scoile maidir leis an Rang Speisialta**' don cheantar cónaithe ainmnithe (arna chinneadh ag bord bainistíochta Coláiste Cois Life) i ndáil leis an té a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann chun iarratas a dhéanamh ar

Rang Speisialta laistigh de Choláiste Cois Life. Sainmhínítear ceantar na scoile maidir le Rang Speisialta laistigh de Choláiset Cois Life mar: Leamhcán, BÁC

Tá an bhrí chéanna le 'Tuismitheoir' is atá san Acht Oideachais 1998 agus áirítear leis sin tuismitheoir altrama agus caomhnóir arna gceapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí 1964 go 1997.

Tagraíonn **'Bunscoileanna Friothálacha'** do na bunscoileanna is rogha chun iarratas a dhéanamh ar Choláiste Cois Life. Is iad na bunscoileanna Friothálacha maidir le Coláiste Cois Life ná:

1.1 Gaelscoil Naomh Pádraig, Bóthar an Chaisleáin, Leamhcán, BÁC
1.2 Gaelscoil Eiscir Riada, Bóthar an Ghrifín, Leamhcán, BÁC
1.3 Scoil Uí Dhálaigh, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara
1.4 Scoil Uí Fhiach, Maigh Nuad, Co. Chill
1.5 Scoil Uí Riada, Cill Choca, Co. Chill Dara

Chun críche an chritéir roghnúcháin maidir le dalta ar fhreastail siblín leis/léi ar an scoil chéanna, tagraíonn '**Siblín**' do lánshiblíní, leathshiblíní, siblíní altrama agus leas-shiblíní.

Chun críche an chritéir roghnúcháin maidir le dalta a bhfuil siblín leis/léi ar rolla na scoile faoi láthair, tagraíonn '**Siblín**' do lánshiblíní, leathshiblíní, siblíní altrama agus leas-shiblíní agus siblíní a bhfuil cónaí orthu sa teaghlach céanna.

[**Tabhair ar Aird:** is ar mhaithe le teaghlaigh a mbíonn orthu níos mó ná turas amháin a dhéanamh chuig an scoil agus/nó ón scoil a éascú atá an dara sainmhíniú níos leithne sa dara alt den dá alt atá tugtha díreach thuas.]

Is éard is brí le '**Rang Speisialta**' rang, le ceadú an Aire Oideachais, a bhunaigh scoil chun oideachas a chur ar fáil do Dhaltaí a bhfuil catagóir nó catagóirí riachtanais speisialta oideachais ag dul dóibh, arna sainiú ag an Aire Oideachais. Tá Rang

Speisialta i gColáiste Cois Life, a bunaíodh chun riachtanais oideachais speisialta a chur ar fáil do Dhaltaí le hUathachas / Neamhord de chuid Speictream an Uathachais.

Ciallaíonn '**Tuarascáil Ábhartha**', faoi mar a chuir an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) in iúl, tuarascáil scríofa bunaithe ar mheasúnú a rinne gairmí ábhartha a:

(a) thugann fianaise mhionsonraithe ar riachtanais an Dalta;
(b) a dheimhníonn gur riachtanais chasta/throma oideachais iad na riachtanais sin a eascraíonn as diagnóis ainmnithe a bhaineann leis an Dalta, agus
(c) a dhéanann moladh maidir le socrúchán i Rang Speisialta don Dalta ar bhonn ac(h)uid riachtanas oideachais casta/dian ag eascairt as an diagnóis sin.

Féadtar a áireamh leis an ngairmí ábhartha síceolaí oideachais, síceolaí, gairmithe sláinte ábhartha eile, seirbhísí míchumais FSS nó foireann ildisciplíneach FSS, ar aon dul le treoir a d'eisigh an CNOS maidir leis an bpointe seo.

Is éard is brí leis an 'g**Céad Bhliain**' an grúpa Daltaí a nglactar leo don rang nó an bhliain is sóisearaí sa scoil.

## 2 RÁITEAS IONTRÁLA

Is Coláiste Pobail ainmnithe é Coláiste Cois Life. Bunaítear Coláistí Pobail ainmnithe trí shíniú comhaontaithe idir BOO agus Easpag Caitliceach áitiúil agus/nó pobal reiligiúnach. Is é BOOACDL pátrún na scoile.

Bunaíodh Coláiste Cois Life i 1997 i spiorad comhpháirtíochta idir DDLETB agus Ardeaglais Bhaile Átha Cliath. Tá traidisiúin, luachanna agus cuspóir bunaithe DDLETB agus Ardeaglais Bhaile Átha Cliath fós le sonrú i spiorad sainiúil agus i saol na scoile seo.

Is iar-bhunscoil ainmnithe il-sainchreidmheach chomhoideachais stáit í Coláiste Cois Life a bhfuil na croíluachanna seo a leanas aici:

- Barr Feabhais san Oideachas;
- Cúram;
- Meas;
- Comhionannas; agus
- Muintearas

Caitear le gach ball dár bpobal scoile go cothrom, beag beann ar a gcine, inscne, creideamh, aois, stádas teaghlaigh, stádas pósta, ballraíocht den Lucht Siúil, claonadh gnéasach, cumas ná stádas socheacnamaíoch. Sa scoil s'againne, tugtar deis chothrom do gach scoláire clárú, de réir Acht an Oideachais 2018. Nuair a chláraítear scoláire, déanann ár scoil gach iarracht deiseanna comhionanna a thabhairt do gach scoláire le dul i ngleic leis an gcuraclam agus le saol na scoile.

Soláthraíonn ár scoil, Coláiste Cois Life, timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta shábháilte. Déanaimid ár seacht ndícheall gach scoláire a chumasú lena gcumas iomlán a bhaint amach, beag bean ar a bhféiniúlacht nó a gcúlra. Cuireann ár scoil oideachas lánchuimsitheach chun cinn a aithníonn éagsúlacht féiniúlachtaí, creideamh agus luachanna atá ag scoláirí, tuismitheoirí agus foireann na scoile. Ullmhaímid saoránaigh leathan-aigneanta, tuisceanach ó thaobh cultúir de agus freagracha, a bhfuil tuiscint láidir acu ar luachanna roinnte.

Is scoil ilchreidmheach í ár scoil. Cuirimid fáilte roimh scoláirí de gach creideamh le meas agus tacaíocht.

Dá réir sin, ní dhéanfaidh Coláiste Cois Life aon leithcheal maidir le Dalta a ligean isteach bunaithe ar na forais a leanas:

2.1. Inscne an Dalta nó an Iarratasóra. Sa chás nach nglacann scoil ach le hinscne amháin áfach, ní leithcheal é mura nglacann an scoil sin le Daltaí nach mbaineann leis an inscne sin;

2.2. Stádas sibhialta an Dalta nó Iarratasóra.

2.3. Stádas teaghlaigh an Dalta nó Iarratasóra.

2.4. Claonadh gnéis an Dalta nó Iarratasóra.

2.5. Reiligiún an Dalta nó Iarratasóra.

2.6. Míchumas an Dalta nó Iarratasóra.

2.7. Cine an Dalta nó Iarratasóra.

2.8. Gur duine den Lucht Siúil an Dalta nó an tIarratasóir.

2.9. Riachtanais oideachais speisialta an Dalta nó Iarratasóra sa chás go gcuireann scoil oideachas ar fáil do chatagóir nó do chatagóirí riachtanais oideachais speisialta amháin i Rang Speisialta áfach, ní leithcheal é mura nglactar le Dalta sa rang nach mbaineann an riachtanas/na riachtanas oideachais speisialta leis/léi.

Ní ghearrfaidh Coláiste Cois Life táillí ná íocaíochtaí ná ní beidh an scoil ag lorg ranníocaíochtaí mar choinníoll iontrála ná i ndáil le rollú leanúnach an Dalta.

# 3 Creat Dlí

Bunaíodh BOO Bhaile Átha Cliath agus Dún Laoghaire faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 ina leagtar amach feidhmeanna gach BOO, lena n-áirítear scoileanna aitheanta, ionaid oideachais, agus saoráidí oideachais agus oiliúna a bhunú agus a choinneáil i limistéar feidhme gach BOO.

Coiste a bunaíodh faoi alt 44 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 é bord bainistíochta Coláiste Cois Life agus is ionann sin chomh maith agus bord bainistíochta de réir bhrí an Achta Oideachais 1998.

Leagann an tAcht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018 agus an tAcht Oideachais (Leas) 2000 dualgas ar scoileanna Polasaí Iontrála a ullmhú agus a fhoilsiú.

Déantar foráil san Acht Oideachais 1998 do phróiseas achomhairc sa chás go ndiúltaítear a admháil. Leagtar amach an próiseas achomhairc in alt 5.3 maidir le hiarratais a dhéantar ar Ghrúpa na Céad Bhliana agus in alt 6.3 maidir le hiarratais a dhéantar ar gach bliain seachas ar Ghrúpa na Chéad Bhliana.

Tá sé tábhachtach go dtuigtear nach gcuireann ár scoil 'treoir reiligiúnach' ar fáil agus mar sin ní thagann an riachtanas dlí comhairle a thabhairt maidir le gan a bheith páirteach i dtreoir reiligiúnach chun cinn sa scoil seo. Tá sé tábhachtach chomh maith go dtuigtear an difear idir 'treoir reiligiúnach' agus 'oideachas reiligiúnach':

Is téarma é treoir reiligiúnach a úsáidtear in Éirinn chun treoir de réir deasghnáth, cleachtaí agus teagasc reiligiúin nó sainchreidimh faoi leith a thabhairt do dhaltaí den traidisiún reiligiúin sin a thabhairt le fios. Tá oideachas reiligiúnach oscailte go gach dalta cibé gealltanas atá déanta acu do reiligiún nó cruinneshamhail ar leith. Tá mar aidhm leis cur le forbairt spioradálta agus forbairt mhorálta gach dalta ar chomhchéim.

Mar go bhfuil scoileanna BOO il-sainchreidmheach, tacaíonn Coláiste Cois Life le hoideachas reiligiúnach a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar gach dalta beag beann ar a gcreideamh reiligiúnach nó neamhreiligiúnach.

Comhoibreoidh Coláiste Cois Life leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid.

Comhlíonfaidh Coláiste Cois Life le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an bpátrún nó ar an mbord, de réir mar is ábhartha, faoi alt 37A agus le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an mbord faoi alt 67(4)(b) den Acht Oideachais.

# 4 COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA IONTRÁLA

Bunófar cinneadh ar iarratas ar iontráil:

- ar chur i bhfeidhm an Pholasaí Iontrála seo,
- ar Fhógra Iontrála bliantúil na scoile, agus
- ar an eolas a chuireann an t-iarratasóir ar fáil san iarratas ar iontráil.

Agus iarratas á phróiseáil, **ní chuirfidh Coláiste Cois Life na nithe seo a leanas san áireamh**:

4.1 Íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí leis an scoil;

4.2 Cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht an Dalta; ach amháin más rud é:

- go bhfuil sé riachtanach a fháil amach má bhaineann nó mura mbaineann an Dalta leis an gcatagóir riachtanais oideachais speisialta a bhaineann le ligean isteach i scoil atá faofa ag an Aire Oideachais mar scoil a sholáthraíonn oideachas go heisiach do Dhaltaí a mbaineann catagóir riachtanais speisialta oideachais ar leith nó rang speisialta leo;

4.3 Slí bheatha, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht Tuismitheoir(í) Dalta;

4.4 Riachtanas go bhfreastalódh Dalta nó a T(h)uismitheoir(í) ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;

4.5 An nasc atá ag Dalta leis an scoil toisc ball teaghlaigh a bheith aige/aici atá ag freastal nó a d'fhreastail roimhe sin ar an scoil ach amháin má bhaineann an nasc le siblín de chuid an Dalta atá ag freastal, nó a d'fhreastail, ar an scoil.

4.6 An dáta agus an t-am a fuair an scoil iarratas iontrála fad is a fhaightear é le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil a leagtar amach san Fhógra Iontrála don bhliain acadúil sin.

Déanfaidh Coláiste Cois Life tairiscint ar áit **a bhreithniú** maidir le gach Dalta atá ag lorg iontrála sa scoil, **ach amháin i gcás seo a leanas**:

4.7 Cliseann ar an Tuismitheoir a dheimhniú i scríbhinn go nglacann sé/sí le Cód Iompair na nDaltaí agus go ndéanfaidh sé/sí gach iarracht réasúnta lena chinntiú go gcloífidh an Dalta leis an gcód sin;

4.8 Ní bhaineann an chatagóir riachtanais speisialta oideachais atá sonraithe ag an Aire Oideachais i gcás an Ranga Speisialta a bhfuil an Dalta ag lorg iontrála ann leis an rang sin.

Sa chás go gcuireann Coláiste Cois Life iarratas san áireamh, gheobhaidh gach Dalta áit, ach amháin sa chás go bhfuil ró-iarratas ar an scoil, agus sa chás sin, cuirfear critéir roghnúcháin i bhfeidhm ar gach iarratas.

Déantar plé in Alt 5 den Pholasaí seo ar na critéir roghnúcháin agus ceisteanna eile maidir leis na coinníollacha iontrála do Ghrúpa na Chéad Bhliana.

Déantar plé in Alt 6 den Pholasaí seo ar na critéir roghnúcháin agus ceisteanna eile maidir leis na coinníollacha iontrála do na bliainghrúpaí uile seachas an Chéad Bhliain.

Déantar plé in Alt 7 ar na critéir roghnúcháin agus ceisteanna eile maidir leis na coinníollacha iontrála don Rang Speisialta.

# CUID B

## *Eolas do Chatagóirí Iarratasóirí ar Leith*

5. ***Iarratas ar Ghrúpa na Chéad Bhliana***

6. ***Iarratas ar na Bliainghrúpaí uile seachas an Chéad Bhliain***

7. ***Iarratas a dhéanamh ar Rang Speisialta***

# ALT 5
# IARRATAS AR GHRÚPA NA CHÉAD BHLIANA

## 5 IARRATAS AR GHRÚPA NA CHÉAD BHLIANA

### 5.1 Coinníollacha Iontrála (Grúpa na Chéad Bhliana)

5.1.1. Ró-iarratas
5.1.2. Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta
5.1.3. Próiseas roghnúcháin
5.1.4. Iarratais dhéanacha
5.1.5. Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta
5.1.6. Glacadh le háit
5.1.7. Diúltú
5.1.8. Tairiscint a tharraingt siar
5.1.9. Achomhairc

### 5.2 Achomhairc

5.2.1 Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas
5.2.2 Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas
5.2.3 Bunús le haghaidh athbhreithnith ag an mbord bainistíochta

## 5.1 Coinníollacha Iontrála (Grúpa na Chéad Bhliana)

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar Choláiste Cois Life, tairgfear áit sa scoil do gach Dalta, faoi réir ailt 4.7 agus 4.8.

Ba chóir do Dhalta atá ag cur isteach ar Ghrúpa na Chéad Bhliana ach atá ag lorg iontrála sa Rang Speisialta féachaint ar alt 7 den Pholasaí Iontrála seo. Má tá iarratas á dhéanamh ag an Dalta freisin ar áit i nGrúpa príomhshrutha na Ghrúpa na Chéad Bhliana i gcás nach n-éiríonn le hiarratas ar an Rang Speisialta, bíonn feidhm ag alt 5 seo freisin.

Ní bheidh iarratais neamhchomhlíonta a fuarthas ag an scoil próiseáilte faoi na Polasaí seo.

### 5.1.1 <u>Ró-Iarratas</u>

Nuair a sháraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir roghnúcháin atá foilsithe mar a leagtar amach in alt 5.1.2 iad thíos agus cruthófar liosta feithimh nach mbeidh bailí ach don scoilbhliain lena mbaineann na hiarratais. Sa chás go mbíonn Coláiste Cois Life in ann áiteanna breise sa scoil a thairiscint, a thagann chun cinn sa bhliain acadúil agus le linn na bliana acadúla sin, tairgfear áiteanna de réir an oird tosaíochta inar cuireadh Daltaí ar an liosta feithimh, faoi réir fhorálacha alt 7.1.1 maidir leis an Rang Speisialta.

Chun nach mbeidh aon amhras ann, mura bhfaigheann Dalta áit sa scoil do bhliain acadúil ar leith, ach go bhfuil sé/sí ag iarraidh go gcuirfí san áireamh é/í le haghaidh iontrála an chéad bhliain acadúil eile, ní mór iarratas nua a chur isteach thar ceann an Dalta sin le linn na ndátaí a shonraíonn an scoil a bheith ar an tréimhse a mbeidh sí ag glacadh le hiarratais ar na bliainghrúpaí eile uile seachas an Chéad Bhliain.

I gcás go ndéanann Dalta iarratas ar áit i Rang Speisialta agus ar áit i mbliain ghrúpa príomhshrutha araon, agus go néiríonn leis/léi i gceann den dá iarratas, ach ní sa phéire, coinneoidh sé/sí an áit chéanna ar an liosta feithimh don ghrúpa nár éirigh leis an iarratas, beag beann ar ghlacadh nó gan glacadh leis an tairiscint áite a tugadh.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar an scoil, ní chuirfear aon chritéir roghnúcháin nach n-áirítear san Fhógra Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil Dalta á ligean isteach sa scoil.

### 5.1.2 Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta

Cuirfidh Coláiste Cois Life na critéir seo a leanas i bhfeidhm do Ghrúpa na Chéad Bhliana:

5.1.2.1 Má tá siblíní leis an Dalta cláraithe sa scoil faoi láthair agus más rud é go mbeidh an Dalta 12 bhliain d'aois faoin 31 Nollaig den bhliain acadúil a mbeidh sé/sí ag iarraidh a bheith cláraithe sa Chéad Bhliain, tar éis dó/di rang a sé (nó a chomhionann) a chríochnú sa bhunscoil;

5.1.2.2 Cé acu atá an Dalta tráth an iarratais, ag freastal ar cheann de na Bunscoileanna Friothálacha; Gaelscoil Naomh Pádraig, Gaelscoil Eiscir Riada, Scoil Uí Dhálaigh agus tá sé/sí cláraithe ansin le bliain acadúil amháin ar a laghad, agus más rud é go mbeidh an Dalta 12 bhliain d'aois faoin 31 Nollaig den bhliain acadúil a mbeidh sé/sí ag iarraidh a bheith cláraithe sa Chéad Bhliain, tar éis dó/di rang a sé (nó a chomhionann) a chríochnú sa bhunscoil.

5.1.2.3 Má tá cónaí ar an Dalta i gCeantar na Scoile agus é/í ag freastail ar Ghaelscoil agus más rud é go mbeidh an Dalta 12 bhliain d'aois faoin 31 Nollaig den bhliain acadúil a mbeidh sé/sí ag iarraidh a bheith cláraithe sa Chéad Bhliain, tar éis dó/di rang a sé (nó a chomhionann) a chríochnú sa bhunscoil.

5.1.2.4 Cé acu atá an Dalta tráth an iarratais, ag freastal ar cheann de na Bunscoileanna Friothálacha; Scoil Uí Fhiaich, Scoil Uí Riada agus tá sé/sí cláraithe ansin le bliain acadúil amháin ar a laghad agus más rud é go mbeidh an Dalta 12 bhliain d'aois faoin 31 Nollaig den bhliain acadúil a mbeidh sé/sí ag iarraidh a bheith cláraithe sa Chéad Bhliain, tar éis dó/di rang a sé (nó a chomhionann) a chríochnú sa bhunscoil.

5.1.2.5 Má bhí siblíní leis an Dalta cláraithe sa scoil roimhe seo agus más rud é go mbeidh an Dalta 12 bhliain d'aois faoin 31 Nollaig den

bhliain acadúil a mbeidh sé/sí ag iarraidh a bheith cláraithe sa Chéad Bhliain, tar éis dó/di rang a sé (nó a chomhionann) a chríochnú sa bhunscoil.

Féach alt 7 do na critéir roghnúcháin a bhaineann le hiontráil sa Rang Speisialta.

### 5.1.3 Próiseas roghnúcháin

Cuirfidh Coláiste Cois Life an próiseas roghnúcháin i bhfeidhm mar seo a leanas:

Déantar iarratais a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe. Tairgfear áiteanna ar dtús dóibh siúd a shásaíonn an chéad chritéar. Ina dhiaidh sin, sa chás go mbíonn áiteanna fós ar fáil sa bhliainghrúpa ábhartha, déantar na hIarratasóirí atá fanta a mheas i bhfianaise an dara critéar agus tairgfear áit do na hIarratasóirí a shásaíonn an critéar seo. Leantar ar aghaidh leis an bpróiseas seo i gcoinne na gcritéar roghnúcháin go léir go dtí go dtairgtear agus go nglactar leis na háiteanna go léir atá ar fáil.

Sa chás go mbíonn dhá iarratas nó níos mó ná sin cothrom le chéile sa phróiseas roghnúcháin thuasluaite, cuirfidh Coláiste Cois Life crannchur randamach ar bun chun aon áiteanna atá ar fáil sa bhliainghrúpa ábhartha, nó ar an liosta feithimh, a dháileadh ar na hiarratais sin.

N.B. D'fhéadfadh laghdú teacht ar an méid áiteanna a bhíonn ar fáil i grúpa príomhshrutha sa chás go dtugtar socrúchá(i)n sa Rang Speisialta do Dhalta(í) ón bliain grúpa príomhshrutha sin, *.i.* críochnófar an próiseas roghnaithe don Rang Speisialta roimh an bpróiseas roghnaithe don ghrúpa príomhshrutha agus is ionann a bheidh líon na nDaltaí a gcuirtear áit ar tairiscint dóibh sa Rang Speisialta agus an uimhir faoina laghdaítear na háiteanna sa ghrúpa/sna bliainghrúpaí príomhshrutha ábhartha príomhshrutha.

### 5.1.4 Iarratais dhéanacha

Meastar gur iarratas déanach é iarratas a fhaigheann Coláiste Cois Life i ndiaidh an dáta deiridh a d'fhoilsigh an scoil agus a bhí leagtha amach san Fhógra Iontrála, chun críocha an Pholasaí Iontrála seo.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar bhliainghrúpa ábhartha agus go bhfaigheann sí iarratas déanach ar iontráil, gheobhaidh an t-iarratas sin áit ar an liosta feithimh i ndiaidh na nIarratasóirí a bhfuair an scoil a n-iarratais roimh an dáta deiridh d'iarratais, is cuma aon chritéir roghnúcháin a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir le hiarratais a fuarthas roimh an spriocdháta d'iarratais. Cuirfear iarratais dhéanacha dá leithéid sin ar an liosta feithimh de réir an dáta agus an ama a fuair an scoil iad, faoi réir ailt 4.7 agus 4.8. Chun mearbhall a sheachaint, ní bhaineann critéir roghnúcháin le hiarratais dhéanacha, agus ní chuirfear i bhfeidhm iad.

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas sa bhliainghrúpa ábhartha, nach bhfuil liosta feithimh ann, agus go bhfaigheann sí iarratas déanach, tairgfear áit sa bhliainghrúpa ábhartha don Dalta atá ag lorg iontrála, faoi réir ailt 4.7 agus 4.8, agus baineann an próiseas céanna le hIarratasóirí a bhfuarthas a n-iarratais roimh an dáta deiridh, *i.e.* eiseofar Foirm Ghlactha chuig an Iarratasóir agus beidh sí le comhlánú agus le cur ar ais chuig an scoil laistigh de choicís ón dáta ar eisíodh í.

### 5.1.5 Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta

Sa chás go mbíonn tairiscint ar áit sa bhliainghrúpa ábhartha ag Dalta ach nach nglacann sé/sí léi, nó go dtarraingíonn an scoil siar í de réir choinníollacha ábhartha an Pholasaí seo, tairgfear an áit don chéad Dalta eile ar an liosta feithimh sa dara babhta de thairiscintí. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh go dtí an tríú babhta agus an ceathrú babhta *etc.* go dtí go líontar gach áit sa bhliainghrúpa ábhartha.

### 5.1.6 Glacadh le háit

Má thairgtear áit don Dalta a ndearnadh iarratas thar a c(h)eann, eiseoidh an scoil Foirm Ghlactha chuig an Iarratasóir.

Cuirfidh an tIarratasóir in iúl go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint ach an Fhoirm Ghlactha a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an scoil faoin dáta a leagtar amach i

bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist. Mar chuid de seo, ní mór a chur in iúl cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil eile, agus an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí ag fanacht ar thairiscint iontrála ó scoil eile.

Mura gcomhlánaítear an Fhoirm Ghlactha agus mura gcuirtear ar ais chuig an scoil í faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, d'fhéadfadh go dtarraingeofaí an tairiscint siar, i gcomhréir leis na forais a leagtar amach thíos maidir le tairiscint a tharraingt siar.

### 5.1.7 <u>**Diúltú**</u>

Sa chás nach dtairgtear áit sa scoil do Dhalta a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann, cuirfear an méid seo a leanas ar fáil don Iarratasóir i scríbhinn:

5.1.7.1. Na cúiseanna nár tairgeadh áit i gColáiste Cois Life don Dalta;

5.1.7.2. Sonraí faoi rangú an Dalta de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe, má tá ró-iarratas ar an mbliainghrúpa ar a bhfuil an tIarratasóir ag déanamh iarratais;

5.1.7.3. Sonraí faoi áit an Dalta ar an liosta feithimh, más bainteach; agus

5.1.7.4. Sonraí faoin gceart atá ag an Iarratasóir achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh.

Chomh maith leis na coinníollacha maidir le hiarratas a mheas mar a leagtar amach i 4.7 agus 4.8, ní féidir tairiscint iontrála a dhéanamh sa chás:

5.1.7.5. Go bhfuil an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de.

### 5.1.8 Tairiscint a tharraingt siar

D'fhéadfaí tairiscint iontrála a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

5.1.8.1. Tá an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de, nó

5.1.8.2. Teipeann ar an Iarratasóir a dheimhniú go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint iontrála ar an nó roimh an dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na scoile don bhliain acadúil lena mbaineann a (h)iarratas, nó más iarratas déanach, nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, laistigh de choicís, nó

5.1.8.3. Níor chuir an tIarratasóir in iúl:

(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil(eanna) eile agus é/í ag fanacht ar dheimhniú tairisceana ó scoil(eanna) eile, agus más amhlaidh atá, sonraí na scoile(anna);
agus

(ii) cé acu ar ghlac nó nár ghlac sé/sí le tairiscint iontrála ó scoil(eanna) eile agus má ghlac, sonraí na tairisceana/na dtairiscintí sin.

Má dhéanann an scoil tairiscint ar áit a tharraingt siar, caillfidh an Dalta a ndearnadh an t-iarratas thar a c(h)eann a (h)áit don bhliain acadúil sin (agus ní chuirfear ar liosta feithimh é/í). Má tá áit fós ag teastáil ón Iarratasóir don bhliain acadúil sin, ní mór iarratas nua a dhéantar ar son an Dalta sin don bhliain acadúil chéanna agus mar iarratais dhéanacha de réir alt 5.1.4 thuas.

### 5.1.9 Achomhairc

Féach alt 5.2 chun teacht ar eolas maidir leis an gceart atá ag Iarratasóir achomharc a dhéanamh ar chinneadh Coláiste Cois Life maidir le hiontráil i nGrúpa na Chéad Bhliana.

## 5.2. ACHOMHAIRC

### 5.2.1 Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas

Ní mór d'iarratasóir ar diúltaíodh iontráil dó/di toisc go raibh ró-iarratas ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo a iarraidh i dtosach go ndéanann an bord bainistíochta athbhreithniú i scríbhinn, trí 'Foirm BOMR1', atá ar fáil ó oifig na scoile agus ag gov.ie - Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach toisc go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, chun go ndéanfadh bord bainistíochta Coláiste Cois Life athbhreithniú uirthi. Ní mór don Iarratasóir an t-athbhreithniú sin a lorg laistigh d'fhiche a haon lá féilire ó cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin. Ba cheart Foirmeacha líonta BOMR1 a sheoladh chuig oifig na scoile nó ar líne trí ríomhphost a sheoladh chuig eolas@colaistecoislife.ie.

Mura mbíonn Iarratasóir sásta le cinneadh an bhoird bainistíochta, nó mura mbíonn an bord bainistíochta in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh chun diúltú d'iontráil, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais faoi alt 29A den Acht Oideachais 1998. Caithfear achomhairc a dhéanamh i scríbhinn ar 'Foirm Achomhairc Alt 29', , ar fáil ag gov.ie - Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach toisc go bhfuil ró-éileamh ar an scoil agus caithfear iad a sheoladh chuig Aonad Riaracháin Achomhairc Alt 29 sa Roinn Oideachais nó is féidir an t-achomharc a chur isteach ar líne tríd an gcáipéisíocht riachtanach a uaslódáil ag https://www.section29appeals.gov.ie/ De réir *'Nósanna Imeachta éisteachta agus cinnidh achomharc faoi alt 29'*, ní féidir achomharc den saghas sin a dhéanamh go dtí go bhfuil comhfhreagras faighte ag an Iarratasóir ón mbord bainistíochta maidir leis an athbhreithniú, nó go dtí go bhfuil 42 lá féilire éagtha ón dáta a rinneadh an diúltú tosaigh, cibé acu is luaithe, agus ní féidir achomharc a dhéanamh níos déanaí ná 63 lá féilire i ndiaidh an chinnidh thosaigh chun cead isteach a dhiúltú.

### 5.2.2 Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas

Féadfaidh Iarratasóir ar diúltaíodh iontráil i gColáiste Cois Life dó/di ar chúis nach mbaineann le ró-iarratas a bheith ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo, a iarraidh go ndéanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú i dtosach, trí 'Foirm BOMR1', atá ar fáil ó oifig na scoile nó ag gov.ie - Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach ar chúis seachas ró-éileamh a bheith ar an scoil, chun go ndéanfadh bord bainistíochta Coláiste Cois Life athbhreithniú uirthi. Ní mór don Iarratasóir an t-athbhreithniú sin a lorg laistigh d'fhiche a haon lá féilire ócinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin. Ba cheart Foirmeacha líonta BOMR1 a sheoladh chuig oifig na scoile nó ar líne trí ríomhphost a sheoladh chuig eolas@colaistecoislife.ie . (Is féidir le hiarratasóir iarraidh ar athbhreithniú a aistarraingt at aon tráth sula dtabharfar an t-athbhreithniú chun críche tríd é sin a chur in iúl don bhord bainistíochta i scríbhinn.)

De rogha air sin, féadfaidh sé/sí cinneadh a dhéanamh achomharc a dhéanamh os comhair coiste achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais faoi acht 29A den Acht Oideachais 1998. Caithfear achomhairc a dhéanamh i scríbhinn ar 'Foirm Achomhairc Alt 29', ar fáil ag gov.ie - Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach ar chúis seachas ró-éileamh a bheith ar an scoil agus caithfear iad a sheoladh chuig Aonad Riaracháin Achomhairc Alt 29 sa Roinn Oideachais nó is féidir an t-achomharc a chur isteach ar líne tríd an gcáipéisíocht riachtanach a uaslódáil ag https://www.section29appeals.gov.ie/. De réir *'Nósanna Imeachta éisteachta agus cinnidh achomharc faoi alt 29'*, ní féidir achomharc den saghas sin a dhéanamh níos déanaí ná 63 lá féilire i ndiaidh an chinnidh thosaigh chun cead isteach a dhiúltú.

Mura mbíonn Iarratasóir a lorgaíonn go ndéanann an bord bainistíochta athbhreithniú, sásta le cinneadh an bhoird bhainistíochta, féadfaidh an tIarratasóir sin iarratas a dhéanamh chun achomharc a dhéanamh os comhair coiste achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais faoi alt 29A den Acht Oideachais 1998 freisin, faoi mar a dtugtar cuntas air san alt deireanach.

### 5.2.3 Bunús le haghaidh athbhreithnithe ag an mbord bainistíochta :

Faoi mar a éilítear in alt 29C(2) den Acht Oideachais 1998, ní mór aon iarraidh go ndéanann an bord bainistíochta athbhreithniú ar chinneadh a rinne an scoil chun cead isteach a dhiúltúbheith bunaithe ar chur i bhfeidhm an Pholasaí Iontrála seo agus ar ábhar Fhógra Iontrála na scoile agus ní mór go leagfaí na forais a bhaineann leis an iarratas ar athbhreithniú ar an gcinneadh amach ann.

# ALT 6
# IARRATAS AR NA BLIAINGHRÚPAÍ UILE SEACHAS AN CHÉAD BHLIAIN

## 6 IARRATAS AR NA BLIAINGHRÚPAÍ UILE SEACHAS AN CHÉAD BHLIAIN

### 6.1 Coinníollacha Iontrála (seachas an Chéad Bhliain)

6.1.1. Ró-iarratas

6.1.2. Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta

6.1.3. Próiseas roghnúcháin

6.1.4. Iarratais dhéanacha

6.1.5. Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta

6.1.6. Glacadh le háit

6.1.7. Diúltú

6.1.8. Tairiscint a tharraingt siar

6.1.9. Achomhairc

### 6.2 Achomhairc

**6.2.1** Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas

**6.2.2** Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas

**6.2.3** Bunús le haghaidh athbhreithnithe ag an mbord bainistíochta

## 6.1 Coinníollacha Iontrála (seachas an Chéad Bhliain)

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar Choláiste Cois Life, tairgfear áit sa scoil do gach Dalta, faoi réir ailt 4.7 agus 4.8.

Ba chóir do Dhalta atá ag cur isteach ar bhliainghrúpa nach Grúpa na Chéad Bhliana atá i gceist, ach atá ag lorg iontrála sa Rang Speisialta, féachaint ar alt 7 den Pholasaí Iontrála seo. Má tá iarratas á dhéanamh ag an Dalta freisin ar áit i bhliainghrúpa príomhshrutha nach Grúpa na Chéad Bhliana i gcás nach n-éiríonn le hiarratas ar an Rang Speisialta, bíonn feidhm ag alt 6 seo freisin.

Ní bheidh iarratais neamhchomhlíonta a fuarthas ag an scoil próiseáilte faoi na Polasaí seo.

### 6.1.1 <u>Ró-Iarratas</u>

Nuair a sháraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir roghnúcháin atá foilsithe mar a leagtar amach in alt 6.1.2 thíos iad, agus cruthófar liosta feithimh nach mbeidh bailí ach don scoilbhliain lena mbaineann na hiarratais. Sa chás go mbíonn Coláiste Cois Life in ann áiteanna breise sa scoil a thairiscint, a thagann chun cinn sa bhliain acadúil agus le linn na bliana acadúla sin, tairgfear áiteanna de réir an oird tosaíochta inar cuireadh Daltaí ar an liosta feithimh, faoi réir fhorálacha alt 7.1.1 maidir leis an Rang Speisialta.

Chun nach mbeidh aon amhras ann, mura bhfaigheann Dalta áit sa scoil do bhliain acadúil ar leith, ach go bhfuil sé/sí ag iarraidh go gcuirfí san áireamh é/í le haghaidh iontrála sa bhliainghrúpa céanna an chéad bhliain acadúil eile, ní mór iarratas nua a chur isteach thar ceann an Dalta sin le linn na ndátaí a shonraíonn an scoil a bheith ar an tréimhse a mbeidh sí ag glacadh le hiarratais ar na bliainghrúpaí eile uile seachas an Chéad Bhliain.

I gcás go ndéanann Dalta iarratas ar áit i Rang Speisialta agus ar áit i mbliain ghrúpa príomhshrutha araon, agus go néiríonn leis/léi i gceann den dá iarratas, ach ní sa

phéire, coinneoidh sé/sí an áit chéanna ar an liosta feithimh don ghrúpa nár éirigh leis an iarratas, beag beann ar ghlacadh nó gan glacadh leis an tairiscint áite a tugadh.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar an scoil, ní chuirfear aon chritéir roghnúcháin nach n-áirítear san Fhógra Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil Dalta á ligean isteach sa scoil.

Nuair atá Clár Idirbhliana i gColáiste Cois Life agus é ró-shuibscríofa beidh Mac Léinn a dhéanann iarratas ar iontráil chuig clár dá leithéidfaoi réir ag an bpolasaí seo agus, dá réir, cuirfear an tésin ar an liosta feithimh chuí a bhíonn tiomsaithecheana féin (go bliantúil) ag an scoil, arb é sin an liosta ina mbeidh ainmneacha na mac léinn atá cláraithe sa scoil agus atá curtha ar liosta feithimh inmheánaigh don chlár.

### 6.1.2 Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta

Cuirfidh Coláiste Cois Life na critéir seo a leanas i bhfeidhm do bhliainghrúpa seachas do Ghrúpa na Chéad Bhliana:

- 6.1.2.1 Má tá siblíní leis an Dalta cláraithe sa scoil faoi láthair;
- 6.1.2.2 Cé acu ar fhreastail an dalta ar cheann de na Bunscoileanna Friothálacha; Gaelscoil Naomh Pádraig, Gaelscoil Eiscir Riada, Scoil Uí Dhálaigh.
- 6.1.2.3 Má tá cónaí ar an Dalta i gCeantar na Scoile agus gur fhreastail sé/sí ar Ghaelscoil.
- 6.1.2.4 Cé acu ar fhresatail an dalta ar cheann de na Bunscoileanna Friothálacha; Scoil Uí Fhiaich, Scoil Uí Riada.
- 6.1.2.5 Má bhí siblíní leis an Dalta cláraithe sa scoil roimhe seo.

Féach alt 7 do na critéir roghnúcháin a bhaineann le hiontráil sa Rang Speisialta.

Ní chuirfear aon chritéir roghnúcháin nach n-áirítear sa Pholasaí Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil Iarratasóir á ligean isteach.

### 6.1.3 Próiseas roghnúcháin

Cuirfidh Coláiste Cois Life an próiseas roghnúcháin i bhfeidhm mar seo a leanas:

Déantar iarratais a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe. Tairgfear áiteanna ar dtús dóibh siúd a shásaíonn an chéad chritéar. Ina dhiaidh sin, sa chás go mbíonn áiteanna fós ar fáil sa bhliainghrúpa ábhartha, déantar na hIarratasóirí atá fanta a mheas i bhfianaise an dara critéar agus tairgfear áit do na hIarratasóirí a shásaíonn an critéar seo. Leantar ar aghaidh leis an bpróiseas seo i gcoinne na gcritéar roghnúcháin go léir go dtí go dtairgtear agus go nglactar leis na háiteanna go léir atá ar fáil.

Sa chás go mbíonn dhá iarratas nó níos mó cothrom le chéile sa phróiseas roghnúcháin thuasluaite, cuirfidh Coláiste Cois Life crannchur randamach ar bun chun aon áiteanna atá ar fáil sa bhliainghrúpa ábhartha , nó ar an liosta feithimh, a dháileadh ar na hiarratais sin.

N.B. D'fhéadfadh laghdú teacht ar an méid áiteanna a bhíonn ar fáil i grúpa príomhshrutha sa chás go dtugtar socrúchá(i)n sa Rang Speisialta do Dhalta(í) ón grúpa príomhshrutha sin, *.i.* críochnófar an próiseas roghnaithe don Rang Speisialta roimh an bpróiseas roghnaithe don ghrúpa príomhshrutha agus is ionann a bheidh líon na nDaltaí a gcuirtear áit ar tairiscint dóibh sa Rang Speisialta agus an uimhir faoina laghdaítear na háiteanna sa ghrúpa/sna bliainghrúpaí príomhshrutha ábhartha príomhshrutha.

### 6.1.4 Iarratais dhéanacha

Meastar gur iarratas déanach é iarratas a fhaigheann Coláiste Cois Life i ndiaidh an dáta deiridh a d'fhoilsigh Coláiste Cois Life agus a bhí leagtha amach san Fhógra Iontrála, chun críocha an Pholasaí Iontrála seo.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar bhliainghrúpa ábhartha agus go bhfaigheann sí iarratas déanach ar iontráil, gheobhaidh an t-iarratas sin áit ar an liosta feithimh i

ndiaidh na nIarratasóirí a bhfuair an scoil a n-iarratais roimh an dáta deiridh d'iarratais, is cuma aon chritéir roghnúcháin a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir le hiarratais a fuarthas roimh an spriocdháta d'iarratais. Cuirfear iarratais dhéanacha dá leithéid sin ar liosta feithimh de réir an dáta agus an ama a fuair an scoil iad, faoi réir ailt 4.7 agus 4.8. Chun mearbhall a sheachaint, ní bhaineann critéir roghnúcháin le hiarratais dhéanacha, agus ní chuirfear i bhfeidhm iad.

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar Choláiste Cois Life, nach bhfuil liosta feithimh ann, agus go bhfaigheann sí iarratas déanach, tairgfear áit sa bhliainghrúpa don Dalta atá ag lorg iontrála, faoi réir ailt 4.7 agsu 4.8, agus baineann an próiseas céanna le hIarratasóirí a bhfuarthas a n-iarratais roimh an dáta deiridh, *i.e.* eiseofar Foirm Ghlactha chuig an Iarratasóir agus beidh sí le comhlánú agus le cur ar ais chuig an scoil laistigh de choicís ón dáta ar eisíodh í.

### 6.1.5 Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta

Sa chás go mbíonn tairiscint ar áit sa bhliainghrúpa ábhartha ag Dalta ach nach nglacann sé/sí léi, nó go dtarraingíonn an scoil siar í de réir chionníollacha ábhartha an Pholasaí seo, tairgfear an áit don chéad Dalta eile ar an liosta feithimh sa dara babhta de thairiscintí. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh go dtí an tríú babhta agus an ceathrú babhta *etc.* go dtí go líonfar gach áit sa bhliainghrúpa ábhartha .

### 6.1.6 Glacadh le háit:

Má thairgtear áit don Dalta a ndearnadh iarratas thar a c(h)eann, eiseoidh an scoil Foirm Ghlactha chuig an Iarratasóir.

Cuirfidh an tIarratasóir in iúl go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint ach an Fhoirm Ghlactha a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an scoil faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist. Mar chuid de seo, ní mór a chur in iúl cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil eile, agus an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí ag fanacht ar thairiscint iontrála ó scoil eile.

Mura gcomhlánaítear an Fhoirm Ghlactha agus mura gcuirtear ar ais chuig an scoil í faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair

a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, d'fhéadfadh go dtarraingeofaí an tairiscint siar, i gcomhréir leis na forais a leagtar amach thíos maidir le tairiscint a tharraingt siar.

### 6.1.7 Diúltú:

Sa chás nach dtairgtear áit sa scoil do Dhalta a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann, cuirfear an méid seo a leanas ar fáil don Iarratasóir i scríbhinn:

6.1.7.1. Na cúiseanna nár tairgeadh áit i gColáiste Cois Life don Dalta;

6.1.7.2. Sonraí faoi rangú an Dalta de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe, má tá ró-iarratas ar an mblianghrúpa ar a bhfuil an tIarratasóir ag déanamh iarratais;

6.1.7.3. Sonraí faoi áit an Dalta ar an liosta feithimh, más bainteach; agus

6.1.7.4. Sonraí faoin gceart atá ag an Iarratasóir achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh.

Chomh maith leis na coinníollacha maidir le hiarratas a mheas mar a leagtar amach i 4.7 agsu 4.8, ní féidir tairiscint iontrála a dhéanamh sa chás:

6.1.7.5. Go bhfuil an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de.

### 6.1.8 Tairiscint a tharraingt siar

D'fhéadfaí tairiscint iontrála a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

6.1.8.1. Tá an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de, nó

6.1.8.2. Teipeann ar an Iarratasóir a dheimhniú go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint iontrála ar an dáta nó roimh an dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na scoile don bhliain acadúil lena mbaineann a (h)iarratas, nó más iarratas déanach, nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, laistigh de choicís, nó

6.1.8.3. Níor chuir an tIarratasóir in iúl:

(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil(eanna) eile agus é/í ag fanacht ar dheimhniú tairisceana ó scoil(eanna) eile, agus más amhlaidh atá, sonraí na scoile(eanna);
agus

(ii) cé acu ar ghlac nó nár ghlac sé/sí le tairiscint iontrála ó scoil(eanna) eile agus má ghlac, sonraí na tairisceana/na dtairiscintí sin.

Má dhéanann an scoil tairiscint ar áit a tharraingt siar, caillfidh an Dalta a ndearnadh an t-iarratas thar a c(h)eann a (h)áit
don bhliain acadúil sin (agus ní chuirfear ar liosta feithimh é/í). Má tá áit fós ag teastáil ón Iarratasóir don bhliain acadúil sin, ní mór iarratas nua a dhéantar thar ceann an Dalta sin don bhliain acadúil chéanna agus mar iarratais dhéanacha de réir alt 6.1.4 thuas.

### 6.1.9 <u>Achomhairc</u>

Féach alt 6.2 chun teacht ar eolas maidir leis an gceart atá ag iarratasóirí achomharc a dhéanamh ar chinneadh Coláiste Cois Life maidir le hiontráil i mbliainghrúpa seachas grúpa na chéad bhliana.

# ACHOMHAIRC

## 6.2.1 Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas

Ní mór d'iarratasóir ar diúltaíodh iontráil dó/di toisc go raibh ró-iarratas ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo a iarraidh i dtosach go ndéanann an bord bainistíochta athbhreithniú i scríbhinn, trí 'Foirm BOMR1', atá ar fáil ó oifig na scoile agus ag gov.ie - Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach toisc go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, chun go ndéanfadh bord bainistíochta Coláiste Cois Life athbhreithniú uirthi. Ní mór don Iarratasóir an t-athbhreithniú sin a lorg laistigh d'fhiche a haon lá féilire ó cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin. Ba cheart Foirmeacha líonta BOMR1 a sheoladh chuig oifig na scoile nó ar líne trí ríomhphost a sheoladh chuig eolas@colaistecoislife.ie .

Mura mbíonn Iarratasóir sásta le cinneadh an bhoird bainistíochta, nó mura mbíonn an bord bainistíochta in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh chun diúltú d'iontráil, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais faoi alt 29A den Acht Oideachais 1998. Caithfear achomhairc a dhéanamh i scríbhinn ar 'Foirm Achomhairc Alt 29' , ar fáil ag gov.ie - Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach toisc go bhfuil ró-éileamh ar an scoil,agus caithfear iad a sheoladh chuig Aonad Riaracháin Achomhairc Alt 29 sa Roinn Oideachais nó is féidir an t-achomharc a chur isteach ar líne tríd an gcáipéisíocht riachtanach a uaslódáil ag https://www.section29appeals.gov.ie/ De réir *'Nósanna Imeachta éisteachta agus cinnidh achomharc faoi alt 29'*, ní féidir achomharc den saghas sin a dhéanamh go dtí go bhfuil comhfhreagras faighte ag an Iarratasóir ón mbord bainistíochta maidir leis an athbhreithniú, nó go dtí go bhfuil 42 lá féilire éagtha ón dáta a rinneadh an diúltú tosaigh, cé acu is lauithe agus ní féidir achomharc a dhéanamh níos déanaí ná 63 lá féilire i ndiaidh an chinnidh thosaigh chun cead isteach a dhiúltú.

### 6.2.2 Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas

Féadfaidh Iarratasóir ar diúltaíodh iontráil i gColáiste Cois Life dó/di ar chúis nach mbaineann le ró-iarratas a bheith ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo, a iarraidh go ndéanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú i dtosach, trí 'Foirm BOMR1', atá ar fáil ó oifig na scoile nó ag gov.ie - Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach ar chúis seachas ró-éileamh a bheith ar an scoil, chun go ndéanfadh bord bainistíochta Coláiste Cois Life athbhreithniú uirthi. Ní mór don Iarratasóir an t-athbhreithniú sin a lorg laistigh d'fhiche a haon lá féilire ó cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin. Ba cheart Foirmeacha líonta BOMR1 a sheoladh chuig oifig na scoile nó ar líne trí ríomhphost a sheoladh chuig eolas@colaistecoislife.ie . (Is féidir le hiarratasóir iarraidh ar athbhreithniú a aistarraingt at aon tráth sula dtabharfar an t-athbhreithniú chun críche tríd é sin a chur in iúl don bhord bainistíochta i scríbhinn.)

De rogha air sin, féadfaidh sé/sí cinneadh a dhéanamh achomharc a dhéanamh os comhair coiste achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais faoi acht 29A den Acht Oideachais 1998. Caithfear achomhairc a dhéanamh i scríbhinn ar 'Foirm Achomhairc Alt 29', ar fáil ag gov.ie - Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach ar chúis seachas ró-éileamh a bheith ar an scoil agus caithfear iad a sheoladh chuig Aonad Riaracháin Achomhairc Alt 29 sa Roinn Oideachais Oideachais nó is féidir an t-achomharc a chur isteach ar líne tríd an gcáipéisíocht riachtanach a uaslódáil ag https://www.section29appeals.gov.ie/. De réir *'Nósanna Imeachta éisteachta agus cinnidh achomharc faoi alt 29'*, ní féidir achomharc den saghas sin a dhéanamh níos déanaí ná 63 lá féilire i ndiaidh an chinnidh thosaigh chun cead isteach a dhiúltú.

Mura mbíonn Iarratasóir, a lorgaíonn go ndéanann an bord bainistíochta athbhreithniú, sásta le cinneadh an bhoird bhainistíochta, féadfaidh an tIarratasóir sin iarratas a dhéanamh chun achomharc a dhéanamh os comhair coiste achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais faoi alt 29A den Acht Oideachais 1998 freisin, faoi mar a dtugtar cuntas air san alt deireanach.

### 6.2.3 Bunús le haghaidh athbhreithnithe ag an mbord bainistíochta

Faoi mar a éilítear in alt 29C(2) den Acht Oideachais 1998, ní mór aon iarraidh go ndéanann an bord bainistíochta athbhreithniú ar chinneadh a rinne an scoil chun cead isteach a dhiúltúa bheith bunaithe ar chur i bhfeidhm an Pholasaí Iontrála seo agus ar ábhar Fhógra Iontrála na scoile agus ní mór go leagfaí na forais a bhaineann leis an iarratas ar athbhreithniú ar an gcinneadh amach ann.

# ALT 7
# IARRATAS A DHÉANAMH AR RANG SPEISIALTA

## 7 IARRATAS A DHÉANAMH AR RANG SPEISIALTA

### 7.1 Coinníollacha Iontrála don Rang Speisialta

7.1.1. Ró-iarratas

7.1.2. Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta

7.1.3. Próiseas roghnúcháin

7.1.4. Iarratais dhéanacha

7.1.5. Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta

7.1.6. Glacadh le háit

7.1.7. Diúltú

7.1.8. Tairiscint a tharraingt siar

### 7.2 Achomhairc

7.2.1. Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas

7.2.2. Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas

7.2.3. Bunús le haghaidh athbhreithnithe ag an mbord bainistíochta

## 7.1 COINNÍOLLACHA IONTRÁLA DON RANG SPEISIALTA

Tá Rang Speisialta i gColáiste Cois Life, a bunaíodh chun oideachas a chur ar fáil do Dhaltaí a bhfuil riachtanais oideachais throma/choimpléascacha acu de bharr Uathachas/Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais.

Ní bhreithneofar ach na hiarratais sin i ndáil le Daltaí a dtagann a riachtanais faoin gcatagóir riachtanais speisialta oideachais dá ndéantar soláthar sa Rang Speisialta. I dtaca leis sin, teastaíonn ón scoil, go léirítear agus go ndeimhnítear riachtanais throma/choimpléascacha dá leithéid agus diagnóis chuí an Dalta i dTuarascáil Ábhartha, a bhfuil na heilimintí éigeantacha di leagtha amach sa chuid Gluais Téarmaí, agus a ullmhaíodh laistigh de na 24 mí díreach roimh iarratas an Dalta ar an Rang Speisialta, ach amháin má tá an t-iarratas don Chéad Bhliain agus go bhfuil an Dalta cláraithe cheana féin i Rang Speisialta sa bhunscoil tráth an iarratais; sa chás sin beidh an t-iarratas ábhartha ní gá dáta a chur ar an tuarascáil laistigh de 24 mí ón iarratas. Chomh maith, teastaíonn óna scoil Doiciméad ó NCSE (Comhairle Náisiúnta na gCéimeanna Speisialta) a fhíorú go bhfuil an dalta ar eolas ag na NCSE agus go bhfuil an diagnóis agus an moladh riachtanach aige/aici do chlass speisialta, in éineacht le Tuarascáil ábhartha.

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar an Rang Speisialta i gColáiste Cois Life, tairgfear áit sa Rang Speisialta do gach dalta a dtagann a riachtanais faoin gcatagóir riachtanais speisialta oideachais dá ndéantar soláthar sa Rang Speisialta, agus a thugann an tuairisc ábhartha riachtanach chomh maith le an doiciméad ó'n NCSE, , faoi réir ailt 4.7 agus 4.8.

Ní bheidh iarratais neamhchomhlíonta a fuarthas ag an scoil próiseáilte faoi na Polasaí seo.

### 7.1.1 <u>Ró-iarratas</u>:

Nuair a sháraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir roghnúcháin mar a leagtar amach in alt 7.1.2 iad thíos agus cruthófar liosta feithimh nach mbeidh bailí ach don scoilbhliain lena mbaineann na hiarratais. Sa chás go mbíonn Coláiste Cois Life in ann áiteanna breise sa Rang Speisialta a thairiscint, a

thagann chun cinn sa bhliain acadúil agus le linn na bliana acadúla, tairgfear áiteanna de réir an oird tosaíochta inar cuireadh Daltaí ar an liosta feithimh, faoi réir áit a bheith sa ghrúpa bliana príomhshrutha ábhartha.

Mura bhfuil áit ar fáil sa bhliainghrúpa ábhartha, déanfar breithniú ar an gcéad duine eile ar an liosta feithimh don Rang Speisialta don áit atá i gceist ach ní dhéanfaidh seo áit tosaigh an Dalta ar an liosta feithimh a athrú don chuid eile den scoilbhliain sin, *.i.* dá dtiocfadh áit eile aníos ina dhiaidh sin sa Rang Speisialta sin i rith na scoilbhliana sin, dhéanfaí breithniú ar an Dalta tosaigh ag barr an liosta feithimh ar dtús, ach arís eile, ag brath ar fháil a bheith ar áit sa bhliainghrúpa ábhartha don Dalta sin.

Ar mhaithe le soiléireacht, má bhíonn áit ar fáil i ngrúpa ranga príomhshrutha ar leith, sula dtairgtear an áit sin do Dhalta ar an liosta feithimh don bhliainghrúpa príomhshrutha sin, déanfar athbhreithniú ar an liosta feithimh don Rang Speisialta agus má tá áit ar fáil sa Rang Speisialta agus go bhfuil Mac Léinn ar an liosta feithimh a bheadh in ann an áit a ghlacadh mar gheall ar an áit atá ar fáil sa bhliainghrúpa príomhshrutha ar leith, go dtairgfear an áit sa Rang Speisialta don Dalta sin (ar an gcaoi sin deireadh a chur leis an áit sa bhliainghrúpa príomhshrutha). Tá sé seo ar mhaithe lena chinntiú nach mbaintear tearcúsáid choíche as acmhainní ganna an Rang Speisialta.

I gcás go ndéanann Dalta iarratas ar áit i Rang Speisialta agus ar áit i mbliain/class ghrúpa príomhshrutha araon, agus go néiríonn leis/léi i gceann den dá iarratas, ach ní sa phéire, coinneoidh sé/sí an áit chéanna ar an liosta feithimh don ghrúpa nár éirigh leis an iarratas, beag beann ar ghlacadh nó gan glacadh leis an tairiscint áite a tugadh.

Chun nach mbeadh aon amhras ann, mura bhfaigheann Dalta áit sa Rang Speisialta do bhliain acadúil ar leith, ach go bhfuil sé/sí ag iarraidh go gcuirfí san áireamh é/í le haghaidh iontrála sa Rang Speisialta an chéad bhliain eile, ní mór iarratas nua a chur isteach thar ceann an Dalta sin le linn na ndátaí a shonraíonn an scoil a bheith ar an tréimhse a mbeidh sí ag glacadh le hiarratais ar Rang Speisialta.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar an scoil, ní chuirfear aon chritéir roghnúcháin nach n-áirítear sa Pholasaí Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil Dalta á ligean isteach sa scoil.

**7.1.2 <u>Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta:</u>**

Ní bhreithneofar iarratais ar an Rang Speisialta ach amháin i gcás go dtagann riachtanais an dalta faoin gcatagóir shonraithe riachtanas speisialta oideachais dá ndéantar soláthar sa rang sin. Faoi réir ag an riachtanais sin, i gcás ró-iarratas, beidh na critéir iontrála seo a leanas i bhfeidhm maidir leis an Rang Speisialta:

**7.1.2.1** An leibhéal is mó riachtanais i measc na ndaltaí atá cláraithe sa scoil faoi láthair, faoi mar a dheimhnigh an Príomhoide i gcomhairle leis an fhoireann RBO sa scoil, i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil Ábhartha maidir leis an Dalta; Má tá beirt nó níos mó Dhalta(í) ar chomhlíonadh an chritéir seo, cuirfear an critéar roghnúcháin eile san liosta i bhfeidhm ar na Dhalta(í) sin chun ord na tosaíochta a chinneadh.

**7.1.2.2** Má tá siblíní leis an Dalta cláraithe sa scoil faoi láthair.

**7.1.2.3** Cé acu ar fhreastail an dalta ar cheann de na Bunscoileanna Friothálacha; Gaelscoil Naomh Pádraig, Gaelscoil Eiscir Riada, Scoil Uí Dhálaigh.

**7.1.2.4** Má tá cónaí ar an Dalta i gceantar na scoile agus gur fhreastail sé/sí ar Ghaelscoil.

**7.1.2.5** Cé acu ar fhresatail an dalta ar cheann de na Bunscoileanna Friothálacha; Scoil Uí Fhiaich, Scoil Uí Riada.

**7.1.2.6** Má bhí siblíní leis an Dalta cláraithe sa scoil roimhe seo.

**7.1.2.7** Cé acu gur fhreastail an Dalta ar Ghaelscoil nach bhfuil liostaithe thuas.

**7.1.2.8** Má tá cónaí ar an Dalta i gceantar na scoile.

### 7.1.3 Próiseas roghnúcháin:

Cuirfidh Coláiste Cois Life an próiseas roghnúcháin i bhfeidhm mar seo a leanas:

Ach na critéir maidir le hiontráil sa Rang Speisialta a chomhlíonadh, déantar iarratais a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe. Tairgfear áiteanna ar dtús dóibh siúd a shásaíonn an chéad chritéar. Ina dhiaidh sin, sa chás go mbíonn áiteanna fós ar fáil sa Rang Speisialta, déantar na hIarratasóirí atá fanta a mheas i bhfianaise an dara critéar agus tairgfear áit do na hIarratasóirí a shásaíonn an critéar seo. Leantar ar aghaidh leis an bpróiseas seo i gcoinne na gcritéar roghnúcháin go léir go dtí go dtairgtear agus go nglactar leis na háiteanna go léir atá ar fáil.

Sa chás go mbíonn dhá iarratas nó níos mó cothrom le chéile sa phróiseas roghnúcháin thuasluaite, cuirfidh Coláiset Cois Life crannchur randamach ar bun chun aon áiteanna atá ar fáil sa Rang Speisialta, nó ar an liosta feithimh, a dháileadh ar na hiarratais sin.]

N.B. D'fhéadfadh laghdú teacht ar an méid áiteanna a bhíonn ar fáil i grúpa príomhshrutha sa chás go dtugtar socrúchá(i)n sa Rang Speisialta do Dhalta(í) ón grúpa príomhshrutha sin, *.i.* críochnófar an próiseas roghnaithe don Rang Speisialta roimh an bpróiseas roghnaithe don ghrúpa príomhshrutha agus is ionann a bheidh líon na nDaltaí a gcuirtear áit ar tairiscint dóibh sa Rang Speisialta agus an uimhir faoina laghdaítear na háiteanna sa ghrúpa/sna bliainghrúpaí príomhshrutha ábhartha príomhshrutha.

### 7.1.4 Iarratais dhéanacha:

Meastar gur iarratas déanach é iarratas a fhaigheann Coláiste Cois Life i ndiaidh an dáta deiridh a d'fhoilsigh Coláiste Cois Life agus a bhí leagtha amach san Fhógra Iontrála, chun críocha an Pholasaí Iontrála seo.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar Rang Speisialta agus go bhfaigheann sí iarratas déanach ar iontráil, gheobhaidh an t-iarratas sin áit ar an liosta feithimh i ndiaidh na nIarratasóirí a bhfuair an scoil a n-iarratais roimh an dáta deiridh d'iarratais, is cuma

aon chritéir roghnúcháin a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir le hiarratais a fuarthas roimh an spriocdháta d'iarratais. Cuirfear iarratais dhéanacha dá leithéid sin ar liosta feithimh de réir an dáta agus an ama a fuair an scoil iad, faoi réir ailt 4.7 agus 4.8. Chun mearbhall a sheachaint, ní bhaineann critéir roghnúcháin le hiarratais dhéanacha, agus ní chuirfear i bhfeidhm iad.

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar an Rang Speisialta, *.i.* nach bhfuil liosta feithimh ann, agus go bhfaigheann sí iarratas déanach, tairgfear áit sa Rang Speisialta don Dalta atá ag lorg iontrála, faoi réir ailt 4.7 agus 4.8 agus cuirfear an próiseas céanna i bhfeidhm maidir le hIarratasóirí a bhfuarthas a n-iarratais roimh an dáta deiridh *.i.* eiseofar Foirm Ghlactha chuig an Iarratasóir agus beidh sí le comhlánú agus le cur ar ais chuig an scoil laistigh de choicís ón dáta ar eisíodh í.

### 7.1.5 Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta

Sa chás go mbíonn tairiscint ar áit sa Rang Speisialta ag Dalta ach nach nglacann sé/sí léi, nó go dtarraingíonn an scoil siar í de réir choinníollacha ábhartha an Pholasaí seo, tairgfear an áit don chéad Dalta eile ar an liosta feithimh sa dara babhta de thairiscintí. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh go dtí an tríú babhta agus an ceathrú babhta *etc.* go dtí go líonfar gach áit sa Rang Speisialta.

### 7.1.6 Glacadh le háit:

Má thairgtear áit don Dalta a ndearnadh iarratas thar a c(h)eann, eiseoidh an scoil Foirm Ghlactha chuig an Iarratasóir.

Cuirfidh an tIarratasóir in iúl go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint ach an Fhoirm Ghlactha a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an scoil faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist. Mar chuid de seo, ní mór a chur in iúl cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil eile, agus an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí ag fanacht ar thairiscint iontrála ó scoil eile.

Mura gcomhlánaítear an Fhoirm Ghlactha agus mura gcuirtear ar ais chuig an scoil í faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist,

d'fhéadfadh go dtarraingeofaí an tairiscint siar, i gcomhréir leis na forais a leagtar amach thíos maidir le tairiscint a tharraingt siar.

### 7.1.7 <u>Diúltú:</u>

Sa chás nach dtairgtear áit sa scoil do Dhalta a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann, cuirfear an méid seo a leanas ar fáil don Iarratasóir i scríbhinn:

7.1.7.1 Na cúiseanna nár tairgeadh áit i gColáiste Cois Life don Dalta;

7.1.7.2 Sonraí faoi rangú an Dalta de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe, má tá ró-iarratas ar an mblianghrúpa ar a bhfuil an t-iarratasóir ag déanamh iarratais;

7.1.7.3 Sonraí faoi áit an Dalta ar an liosta feithimh, más bainteach; agus

7.1.7.4 Sonraí faoin gceart atá ag an Iarratasóir achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh.

Chomh maith leis na coinníollacha maidir le hiarratas a mheas mar a leagtar amach ag 4.7 agus 4.8, ní féidir tairiscint iontrála a dhéanamh sa chás:

7.1.7.5 Go bhfuil an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de.

### 7.1.8 <u>Tairiscint a tharraingt siar</u>

D'fhéadfaí tairiscint iontrála a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

7.1.8.1. Tá an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de, nó

7.1.8.2. Teipeann ar an Iarratasóir a dheimhniú go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint iontrála ar an dáta nó roimh an dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na scoile don bhliain acadúil lena mbaineann a (h)iarratas, nó más iarratas déanach, nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, laistigh de choicís, nó

7.1.8.3. Níor chuir an tIarratasóir in iúl:

(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil(eanna) eile agus é/í ag fanacht ar dheimhniú

tairisceana ó scoil(eanna) eile, agus más amhlaidh atá, sonraí na scoile(eanna);

agus

(ii) cé acu ar ghlac nó nár ghlac sé/sí le tairiscint iontrála ó scoil(eanna) eile agus má ghlac, sonraí na tairisceana/na dtairiscintí sin.

Má dhéanann an scoil tairiscint ar áit a tharraingt siar, caillfidh an Dalta a ndearnadh an t-iarratas thar a c(h)eann a (h)áit don bhliain acadúil sin (agus ní chuirfear ar liosta feithimh é/í). Má tá áit fós ag teastáil ón Iarratasóir don bhliain acadúil sin, ní mór iarratas nua a dhéantar ar son an Dalta sin don bhliain acadúil chéanna agus mar iarratais dhéanacha de réir alt 7.1.4 thuas.

## 7.2 ACHOMHAIRC

### 7.2.1. **Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas:**

Ní mór d'iarratasóir ar diúltaíodh iontráil dó/di toisc go raibh ró-iarratas ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo a iarraidh i dtosach go ndéanann an bord bainistíochta athbhreithniú i scríbhinn, trí 'Foirm BOMR1', atá ar fáil ó oifig na scoile agus ag gov.ie - Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach toisc go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, chun go ndéanfadh bord bainistíochta Coláiste Cois Life athbhreithniú uirthi. Ní mór don Iarratasóir an t-athbhreithniú sin a lorg laistigh d'fhiche a haon lá féilire ó cinneadhna scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin. Ba cheart Foirmeacha líonta BOMR1 a sheoladh chuig oifig na scoile nó ar líne trí ríomhphost a sheoladh chuig eolas@colaistecoislife.ie.

Mura mbíonn Iarratasóir sásta le cinneadh an bhoird bainistíochta, nó mura mbíonn an bord bainistíochta in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh chun diúltú d'iontráil, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais faoi alt 29A den Acht Oideachais 1998. Caithfear achomhairc a dhéanamh i scríbhinn ar 'Foirm Achomhairc Alt 29', ar fail ag gov.ie - Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach toisc go bhfuil ró-éileamh ar an scoil agus caithfear iad a sheoladh chuig Aonad Riaracháin Achomhairc Alt 29 sa Roinn Oideachais nó is féidir an t-achomharc a chur isteach ar líne tríd an gcáipéisíocht riachtanach a uaslódáil ag https://www.section29appeals.gov.ie/. De réir *'Nósanna Imeachta éisteachta agus cinnidh achomharc faoi alt 29'*, ní féidir achomharc den saghas sin a dhéanamh go dtí go bhfuil comhfhreagras faighte ag an Iarratasóir ón mbord bainistíochta maidir leis an athbhreithniú, nó go dtí go bhfuil 42 lá féilire éagtha ón dáta a rinneadh an diúltú tosaigh, cibé acu is luaithe, agus ní féidir achomharc a dhéanamh níos déanaí ná 63 lá féilire i ndiaidh an chinnidh thosaigh chun cead isteach a dhiúltú.

### 7.2.2. Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas:

Féadfaidh Iarratasóir ar diúltaíodh iontráil i gCol'aiset Cois Lifedó/di ar chúis nach mbaineann le ró-iarratas a bheith ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo, a iarraidh go ndéanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú i dtosach, trí 'Foirm BOMR1', atá ar fáil ó oifig na scoile nó ag gov.ie - Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach ar chúis seachas ró-éileamh a bheith ar an scoil, chun go ndéanfadh bord bainistíochta Coláiste Cois Life athbhreithniú uirthi. Ní mór don Iarratasóir an t-athbhreithniú sin a lorg laistigh d'fhiche a haon lá féilire ó cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin. Ba cheart Foirmeacha líonta BOMR1 a sheoladh chuig oifig na scoile nó ar líne trí ríomhphost a sheoladh chuig eolas@colaistecoislife.ie. (Is féidir le hiarratasóir iarraidh ar athbhreithniú a aistarraingt at aon tráth sula dtabharfar an t-athbhreithniú chun críche tríd é sin a chur in iúl don bhord bainistíochta i scríbhinn.)

De rogha air sin, féadfaidh sé/sí cinneadh a dhéanamh achomharc a dhéanamh os comhair coiste achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais faoi acht 29A den Acht Oideachais 1998. Caithfear achomhairc a dhéanamh i scríbhinn ar 'Foirm Achomhairc Alt 29', ar fail ag gov.ie - Achomhairc maidir le scoláire a ligean isteach ar chúis seachas ró-éileamh a bheith ar an scoil agus caithfear iad a sheoladh chuig Aonad Riaracháin Achomhairc Alt 29 sa Roinn Oideachais nó is féidir an t-achomharc a chur isteach ar líne tríd an gcáipéisíocht riachtanach a uaslódáil ag https://www.section29appeals.gov.ie/. De réir *'Nósanna Imeachta éisteachta agus cinnidh achomharc faoi alt 29'*, ní féidir achomharc den saghas sin a dhéanamh níos déanaí ná 63 lá féilire i ndiaidh an chinnidh thosaigh chun cead isteach a dhiúltú.

Mura mbíonn Iarratasóir, a lorgaíonn go ndéanann an bord bainistíochta athbhreithniú, sásta le cinneadh an bhoird bhainistíochta, féadfaidh an tIarratasóir sin iarratas a dhéanamh chun achomharc a dhéanamh os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais faoi alt 29A den Acht Oideachais 1998 freisin, faoi mar a dtugtar cuntas air san alt deireanach.

### 7.2.3. <u>Bunús le haghaidh athbhreithnithe ag an mbord bainistíochta :</u>

Faoi mar a éilítear in alt 29C(2) den Acht Oideachais 1998, ní mór aon iarraidh go ndéanann an bord bainistíochta athbhreithniú ar chinneadh a rinne an scoil chun cead isteach a dhiúltú a bheith bunaithe ar chur i bhfeidhm an Pholasaí Iontrála seo agus ar ábhar Fhógra Iontrála na scoile agus ní mór go leagfaí na forais a bhaineann leis an iarratas ar athbhreithniú ar an gcinneadh amach ann.

Síniú an Chathaoirligh ____________________

Dáta 25/5/26.

Síniú an Rúnaí ____________________

Dáta 28/08/26.